

2

Struchtúr Acadúil Dinimiciúil

Chruthaigh athstruchtúrú UCD go cúig Choláiste agus 35 Scoil le ceithre bliana anuas ollscoil dhinimiciúil nua-aimseartha agus tá sé seo ina dhúshraith dhaingean do bhaint amach spriocanna UCD don todhchaí.

Siocair go bhfuil Coláistí agus Scoileanna UCD ag coinneáil suas le hathruithe tapa an domhain, tá siad de shíor ag baint tairbhe as deiseanna nua, á gcur féin in oiriúint do chúinsí nua agus ag léiriú dearscnaitheachta ina ndianiarrachtaí acadúla go léir.

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD déanta suas d'ocht Scoil:

- Scoil na Seandálaíochta UCD;
- Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD;
- Scoil na gClasaicí UCD;
- Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD;
- Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD;
- Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD;
- Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD;
- Scoil an Cheoil UCD.

Is é príomhfhócas an Choláiste ná:

- Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag saibhriú an eispéiris oideachais agus an comhchruinniú is mó de scoláirí daonnachta in Éirinn a bheith aige;
- Cur leis an iomrá seo ó thaobh na sármhaitheasa i réimsí taighde;
- A bhailiúcháin luachmhara sa Bhailiúchán Béaloidis Náisiúnta, i gCartlanna UCD agus i bhFondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh UCD a chothabháil agus a fheabhsú;
- Leathnú a dhéanamh ar an tuiscint i measc an phobail náisiúnta agus idirnáisiúnta faoina réimse foghlama, taighde agus acmhainní.

Forbairt na gclár

Rinneadh cuid mhór de na cláir nua teagaisc agus foghlama a tugadh isteach faoi *UCD Horizons* a dhaingniú anuraidh. Fuair an próiseas seo cuid mhór cúnamh ó cheapachán an Dr Joe Brady mar Dhéan Chlár na nEalaíon.

De réir mar a tháinig Scoileanna isteach ar theicniúlachtaí na céime modúlaí, thosaigh Coiste Teagaisc agus Foghlama an Choláiste ag díriú níos mó ar eispéiris foghlama na mac léinn agus modhanna nua teagaisc agus measúnachta. Tá comhaltaí teagaisc – María-Rosario Hernandez agus Feargal Murphy – a fhaigheann maoiniúchán faoin gCiste Nuálaíochta Straitéisí ar thús cadhnaíochta sa mhísean seo; rinne foireann eile leis an Ollamh Danielle Clarke mar cheannaire uirthi Foghlaim ar bhonn Fiosraithe a thriail. D'fhorbair Scoil na nIarchéimithe sraith de mhodúil scileanna inaistrithe; is é an ceann is mó éileamh as na tairiscintí reatha ná ceardlann ar fhoilseachán acadúil.

Ba í an tOllamh Gerardine Meaney, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD an scoláire ceannasach ar éirigh léi ar an aon Chlár Feabhsúcháin Taighde Iarchéime sna Daonnachtaí a bhronn Comhairle Taighde na

hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta. Tugann an clár struchtúrtha PhD seo i gCultúr agus Stair Inscne scoláirí agus mic léinn taighde ó Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD, agus ó Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD le chéile le mic léinn ó Ollscoil Luimnigh. Cuireann sé samhail ar fáil do chlár dhochtúireachta théamacha amach anseo.

Tá líon na mac léinn atá ag roghnú modúl sa Ghaeilge a dhéanamh mar chúrsaí roghnacha faoi *UCD Horizons* ag méadú. Anuraidh, thug Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD modúil teanga isteach ag freastal ar gach duine, idir thosaitheoirí agus dhaoine le hardeolais. Soláthraíonn MA nua, Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge (ar baineadh triail as i 2006/07), na scileanna atá riachtanach chun oibriú sna meáin Ghaeilge do mhic léinn ag an gceathrú leibhéal, agus tá móréileamh air. Le linn shamhradh 2008, d'éirigh leis an Scoil i gcomórtas chun deontas roinnt milliún euro a fháil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta d'fhonn cláir mháistreachta a sholáthar san aistriúchán, san ateangaireacht agus i scileanna eile Gaeilge atá de dhíth chun riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tosóidh an clár cúig bliana sa bhliain 2008/09.

Arís i mbliana, d'eagraigh na hacadóirí sa Choláiste réimse suimiúil de sheimineáir, de chomhdhála agus d'aoichainteoirí ar cuairt. Tháinig críoch le sraith sheimineár ar Litríocht Chomparáideach – an réamhimeacht le haghaidh na gclár máistreachta agus dochtúireachta a chomheagraigh an tOllamh Anne Fuchs agus an tOllamh Declan Kiberd – le cuairt ón scoláire oirce George Steiner. I mí Aibreáin 2008, mheall collóiciam idirnáisiúnta a thionóil Ionad Taighde James Joyce UCD scoláirí sinsearach agus mic léinn ceathrú leibhéal ó cheithre ilchríoch. Tháinig cuid mhór díobh seo ar ais chun freastal ar Scoil Samhraidh James Joyce. Ach caithfear a rá gurb é an ócáid is suntasaí le linn shéasúr na gcomhdhála 2007/08 ná an Chomhdháil Seandálaíochta Dhomhanda le linn mhí Iúil 2008, a mheall níos mó ná 1,700 cuairteoir chuig an gcampas ó gach cearn den domhan: ábhar mórtais do Scoil na Seandálaíochta UCD.

Taighde agus dámhachtainí

D'éirigh le tairiscint Global Ireland UCD – comhthogra le Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD – maoiniúchán a aimsiú faoin gClár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal Timthriall 4 (CTITL 4). Déanann an tionscadal, cuid de chuibhreannas *Humanities Serving Irish Society* (HSIS), lena n-áirítear an mhórchuid d'ollscoileanna na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann, suas cuid d'Institiúid John Hume don Léann Éireannach Dhomhanda. I mí na Nollag 2007, d'oscail Uachtarán UCD go hoifigiúil spásanna taighde do 50 mac léinn PhD agus iardhochtúireachta i bhFoirgneamh Newman. Beidh seo ina theach ar dtús ag taighdeoirí Global Ireland – go dtí go dtógtar foirgneamh buan dóibh i gcoimpléasc Gateway UCD.

Tugadh aitheantas arís i mbliana do stádas scolártha fhoireann acadúil an Choláiste nuair a toghadh James McGuire (Stair agus Cartlanna) agus an tOllamh Carmel Mc Carthy (Teangacha agus Litríochta) go hAcadamh Ríoga na hÉireann agus trí mheán an aitheantais idirnáisiúnta a tháinig ón Spáinn, ón Iodáil agus ón Fhrainc toisc chion acadúil na ndaoine seo a leanas: An Dr. Declan Downey agus an tOllamh Deirdre O'Grady, an tOllamh Mary Gallagher agus an tOllamh Vera Regan.

Bronnadh níos mó ná 40% den €1 mhilliún maoiniúcháin a bronnadh faoi Chlár Náisiúnta Taighde Seandálaíochta Straitéisí nua na hÉireann

ar Scoil na Seandálaíochta UCD agus Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh UCD.

Ceapacháin acadúla

Bhí an t-ádh ar an gColáiste roinnt scoláirí oirce a cheapadh go Cathaoireacha le linn 2007/08. Tagann an tOllamh Diane Negra go UCD ó Ollscoil East Anglia le bheith ina céad Ollamh le Léann Scannánaíochta i UCD. Ceapadh céimí de chuid UCD, an Dr Máire Ní Annracháin ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad go Cathaoir na Nua-Ghaeilge. Glacfaidh céimí eile de chuid UCD, an Dr Diarmaid Ferriter, ollúnacht i Nua-Stair na hÉireann nuair a chríochnóidh sé a théarma mar Ollamh Burns ar cuairt i gColáiste Bhostúin. Déanann triúr ball reatha an Choláiste suas an chuid eile de na ceapacháin shinsearach: An Dr Patricia Kelly ina hOllamh le Luath-Ghaeilge; an tOllamh Gabriel Cooney ina Ollamh Seandálaíochta Ceiltí agus an Dr Ríonach Uí Ógáin ina Stiúrthóir ar an mBailiúchán Béaloidis Náisiúnta.



An tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa ag oscailt na Comhdhála Seandálaíochta Dhomhanda i Halla O'Reilly i mí Iúil 2008

Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

Poist ag an 1 Meán Fómhair 2007



Príomhoide an Choláiste

An tOllamh Mary Daly



Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD

Ceann na Scoile

An Dr Richard Aldous



Scoil na Seandálaíochta UCD

Ceann na Scoile

An Dr Muiris O'Sullivan



Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Liam Mac Mathúna



Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Kathleen James-Chakraborty



Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Jean-Michel Picard



Scoil na gClasaicí UCD

Ceann na Scoile

An Dr Michael Lloyd



Scoil an Cheoil UCD

Ceann na Scoile

An Dr Wolfgang Marx



Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Andrew Carpenter

Coláiste Gnó agus Dlí UCD

Tá Coláiste Gnó agus Dlí UCD déanta suas de dhá Scoil:

- An Scoil Ghnó UCD;
- An Scoil Dlí UCD.

Tá mórspríoc ag an gColáiste díriú níos mó ar ghníomhaíochtaí ceathrú leibhéal agus méadú suntasach a bhaint amach in aschur taighde trí thacaíocht a thabhairt do thaighde aonair agus trí ionaid taighde nua dea-mhaoinithe a fhorbairt.

Forbairt na gclár

Coinníodh líon na mac léinn bunchéime sa Choláiste, gan géilleadh do laghdú ar chaighdeán na mac léinn ag teacht isteach. D'éirigh go maith leis an Scoil Dlí agus le Scoil Quinn ó thaobh iarratais CAO de, ag cothú a leibhéil phointí agus iad ag cur feabhais ar a stádaí iomaíochta ag an am céanna. Rinneadh cinneadh an chéim Dlí a leathnú go clár ceithre bliana, ag teacht i bhfeidhm le rolluithe na bliana 2009/10, agus táthar ag dréim go mbeidh seo mealltach do mhic léinn a bheadh ag súil dul le dlí amach anseo.

Tá an líon mac léinn dochtúireachta ag an leibhéal is airde riamh agus lean líon rolluithe na mac léinn iarchéime leis ag méadú le cláir nua sa dá Scoil ag cur go mór leis; tháinig méadú de 12.5% ar an líon iontrála ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit. Léiríonn an méadú mór a tháinig ar an tsuim i gcláir iarchéime go mbeidh fás láidir ag teacht ar an líon mac léinn sa bhliain 2008/09.

Tá soláthar oideachais fheidhmeannaigh ag Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit ag méadú leis go tapa, go háirithe do chlár le rollú oscailte, le níos mó ná 300 rannpháirtí ann le 18 mí anuas. Tá na gcláir shaincheaptha ag freastal ar eagraíochtaí mar Allianz agus Google.



Rinne Scoil Dlí UCD a Ionad Dlí Tráchtála a athsheoladh chun freastal ar an éileamh ar oideachas gairmiúil leanúnach atá i measc dlíodóirí agus lucht gnó.

Taighde agus dámhachtainí

Rinne An Scoil Ghnó UCD a straitéis taighde a athdhíriú, ag leagan béime ar láidreachtaí taighde atá ann cheana – Seirbhísí Airgeadais; Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Bainistíocht Teicneolaíochta; agus Fostaíocht agus Eagraíochtaí – a luíonn isteach go maith lena gníomhaíochtaí teagaisc, a bhfuil féidearthacht maoiniúcháin acu agus a chuireann go mór le forbairt chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

D'úsáid an Dr Gavin Barrett ó Scoil Dlí UCD a Dhámhachtain Teagaisc an Uachtaráin chun taighde a dhéanamh ar Dhlí Bunreachtúil na hEorpa, ar ar bunaíodh díospóireacht phoiblí ar Chonradh Liospóin agus as a dtáinig leabhar ar ról pharlaimintí náisiúnta san AE.

Forbairtí eile

Lean an Coláiste ar aghaidh ag cur lena rannpháirtíocht idirnáisiúnta, le tromlach na mac léinn idirnáisiúnta ar an gclár lánaimseartha MBA den chéad uair.

Fuarthas faomhadh ón Údarás um Ard-Oideachas do mhaoiniúchán d'fhoirgnimh nua do Scoil Dlí UCD, a ionchorpróidh an chéad áis chliniciúil oideachais dhlíthiúil sa tír. Le maoiniúchán príobháideach i bhfeidhm, go háirithe an maoiniú sin a fuarthas ónár bpríomh-dheontóir Peter Sutherland SC, is féidir anois tús a chur leis an tógáil.

Leanadh leis an mbreithniúchán ar an suíomh is fearr do Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD i gcomhthéacs an mhéadaithe ar spás fisiceach a bhfuil gá mór leis. Tá maoiniúchán príobháideach

An Déan Tom Begley, Ceann na Scoile Ghnó UCD, le Geri McBride a fuair an duais 'mac léinn is fearr i rang 2007' san MBS i gCórais Faisnéise Bainistíochta

An tOllamh Damien McLoughlin le Caroline Kinsella ón Scoil Ghnó UCD agus Mario Rosenstock ó Today FM ag an damhsa tionscnaimh alumni

de dhíth chun an méadú seo a bhaint amach, sa bhreis ar leathnú ar saineolaíocht intleachta, agus tá sé mar pháirt d'fheachtas caipitil na hollscoile. Tá grúpa saineolaithe idirnáisiúnta, a bhfuil Sir George Bain ina chathaoirleach air, ag tabhairt comhairle maidir le treo na Scoile Gnó sa todhchaí, lena n-áirítear an cheist maidir le suíomh.

D'éirigh go maith le cláir chianfhoghlama Áiseacha Scoil Dlí UCD agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD in iniúchtaí cáilíochta i mbliana. Tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht alumni sna Scoileanna Gnó, lena n-áirítear damhsa tionscnaimh alumni. Leanadh ar aghaidh le forbairt shraith dhébhliantúil léachtaí ar cheannasaíocht smaointe faoin teideal *Growing Ireland* agus tionóladh *Work Matters*, an 26ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Phróiseas Oibre, ag Scoil Ghnó Quinn UCD – an chéad uair a reáchtáladh an chomhdháil in Éirinn.

An tOllamh Joe McMahon, an Déan eatramhach, An Scoil Dlí UCD leis an Ollamh Zhu, Leas-Uachtarán Ollscoil na Síne don Eolaíocht Pholaitiúil agus an Dlí

Toghadh Stiúrthóir Scoil Quinn UCD, an Dr Aileen Pierce ina hUachtarán tofa ar Chumann Cuntasaíochta na hEorpa. Nuair a ghlacfaidh sí leis an uachtaránacht an bhliain seo chugainn beidh sí ar an gcéad Uachtarán Éireannach agus ar an gcéad Bhan-Uachtarán ar an gCumann.

Ag Scoil Dlí UCD, cuireadh tús arís le léacht chuimhneacháin John M. Kelly agus i measc na mórchuirteoirí bhí Príomh-Bhreitheamh na hÉireann agus Príomh-Bhreitheamh Shasana agus na Breataine Bige.

Ceapacháin acadúla

Lean an Coláiste leis ag treisiú a chumais acadúil le roinnt ollamh nua ag tógáil post sna Scoileanna Gnó agus roinnt arduithe inmheánacha.

Rinneadh ceapacháin eile ag leibhéil léachtóra/léachtóra shinsearaigh. Rinneadh dul chun cinn ar thionscadal an Acadaimh Airgeadais Dhomhanda nuair a ceapadh stiúrthóir feidhmiúcháin agus stiúrthóir acadúil gníomhach.

Cheap An Scoil Dlí UCD Déan nua, an tOllamh John Jackson a ghlacfaidh an cúram ón Déan eatramhach, an tOllamh Joe McMahon, i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Cheap An Scoil Ghnó UCD stiúrthóir idirnáisiúnta chomh maith. Leanann an scoil ag treisiú a nasc leis an tSín, maidir le hearcaíocht agus malartú dáimhe le hollscoileanna ansin, ag soláthar socrúcháin don chlár BComm (Léann an Ghnó/na Síne).



Coláiste Gnó agus DLí UCD

Poist ag 1 Meán Fómhair 2007



Príomhoide an Choláiste
An tUasal Paul Haran



An Scoil Dlí UCD
Ceann na Scoile (eatramhach)
An tOllamh Joe McMahon



An Scoil Ghnó UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Tom Begley

Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

Tá Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD déanta suas de sheacht Scoil:

- Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD;
- Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD;
- Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD;
- Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD;
- Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD;
- Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD;
- Scoil na Fisice UCD.

Is iad seo leanas príomhspríocanna straitéise an Choláiste:

- Sármhaitheas teagaisc agus foghlama a chinntiú, spreagtha ag sármhaitheas i dtaighde agus i scoláireacht;
- Na mic léinn is fearr a earcú agus an t-uasmhéid a bhaint as a gcumas;
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt clár nua baitsiléara agus máistreachta chun cur le roghanna agus deiseanna na mac léinn. Go háirithe, tá forbairt a chlár Bologna rithábhachtach chun ceann de na raonta is leithne de roghanna oideachais san Eoraip a chur ar fáil do mhic léinn;
- Tacú le croíchlár thaighde na Scoileanna agus iad a fhorbairt;
- Téamaí a bhunú ar fud an Choláiste a fheabhsaíonn agus a leathnaíonn na cláir Scoile.

Dhírigh an Coláiste ar na trí chroíréimse seo a leanas, bunaithe ar phleananna taighde Scoile agus ar an bpróiseas téamach:

- Forbairt na gclár iarchéime agus bunú príomhchlár iarchéime théamacha;
- Spás agus infreastruchtúr a phleanáil agus a fhorbairt (lena n-áirítear togra suntasach an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le hathchóiriú);
- Forbairt struchtúrtha spáis, lena n-áirítear go sonrach forbairt ar chumas Oifig agus tacaíochta an Choláiste agus díriú ar Stokes agus cláir eile chun réimsí ainmnithe a fheabhsú.

Forbairt na gclár

Bhunaigh an Scoil Iarchéime Bord na gClár Iarchéime Múinte le linn na bliana acadúla 2007/08, leis an Dr Kevin Hutchinson ó Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice ina chathaoirleach air. Tá freagracht ar an mbord seo as maoirseacht a dhéanamh ar mhórchuid na gclár múinte sa Choláiste; déanann boird na gclár bunchéime riarachán ar an gcuid eile, i gcásanna go bhfuil sé níos oiriúnaí sin a dhéanamh.

Trí líonrú le comhlacht atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, Epigeum, tá modúl gréasánbhunaithe i scoileanna taighde do mhic léinn iarchéime forbartha ag Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, i gcomhar le Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta. Tá sé beartaithe rollú an chúrsa seo a leathnú ar fud an Choláiste sa bhliain seo chugainn.

Reáchtáil an Coláiste próiseas cuimsitheach leis na Scoileanna go léir, lena n-áirítear laethanta ar shiúl, láithriúcháin ar fud an Choláiste agus grúpaí oibre. Ón bpróiseas seo bunaíodh trí théama ildisciplíneacha don Choláiste go léir agus ainmníodh roinnt téamaí atá ag teacht aníos. Tá curadh ainmnithe le gach téama, chomh maith le spríocanna soiléire agus fruilióchtaí Scoile. Is iad seo leanas na sonraí:

- Taighde Fuinnimh (Curadh: An tOllamh Don McElroy);
- Samhaltú Ríomhaireachtúil (Curadh: An Dr Scott Rickard);
- Nanaibhitheolaíocht (Curadh: An tOllamh Suzi Jarvis).

Ina theannta sin, ainmníodh na réimsí seo a leanas mar théamaí atá ag teacht aníos agus a fhorbófar an bhliain seo chugainn:

- Leigheas féinoiriúnaithe;
- Infreastruchtúir inbhuanaithe;

- Brath agus córais bhraiteora.

Taighde agus dámhachtainí

Mar pháirt de straitéis an Choláiste spreagadh agus luach saothair a thabhairt do nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaím, bunaíodh scéim dhámhachtainí Coláiste-bhunaithe, le béim faoi leith ar aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha sa teagasc agus san fhoghlaím a chur le feabhsú cáilíochta agus éifeachtachta i gcláir theagaisc an Choláiste.

I mbliana, ba iad seo leanas na chéad daoine a fuair na dámhachtainí: An Dr Amanda Gibney, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD as a cion suntasach ar son forbairt curaclaim agus cláir; An Dr Donal Finn, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúil UCD as a chion rannpháirteachas na mac léinn a spreagadh i modúl teicniúil; agus an Dr Dominic Zerulla, Scoil na Fisice UCD as a cion rannpháirteachas na mac léinn in oideachas na Fisice ar fud raon leibhéil a spreagadh.

Is fianaise an liosta gnóthachtálacha do 2007/08 gur dúblaíodh an ghníomhaíocht taighde sa Choláiste le roinnt blianta anuas. Is iad seo a leanas roinnt samplaí sonracha den rath sin:

- Trí Ollamh Stokes FEÉ, trí Léachtóir Stokes SFI agus trí dhámhachtain Léachtóra Innealtóireachta FEÉ;
- Bronnadh Ionad amháin FEÉ don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IEIT) agus táthar ag fanacht le faomhadh don rannpháirtíocht i gceann eile;
- Dhá dhámhachtain Braislí de chuid FEÉ anois ag céim na cuairte ar an ionad.

Tá baint ag an Ollamh Julie Berndsen agus an Dr Tony Veale ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD leis an IEIT nua 'Next Generation Localisation', a fhaigheann maoiniúchán ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá DCU i gceannas ar an IEIT i gcomhar le UCD, Ollscoil Luimnigh agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Beidh baint ag UCD le forbairt teicneolaíochtaí urlabhra d'aistriúchán labhairt-go-labhairt i gcúinsí ina bhfuil na lámha agus na súile gnóthach agus giniúint samhail shéimeantach le bainistíocht a dhéanamh ar ábhar digiteach. Fuair an clár PhD sa Bhithfhaisnéisíocht agus Bithleigheas Ríomhaireachta dámhachtain de

€3.19 milliún ó Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET). Déanann coiste é a bhainistiú, agus tá an coiste seo déanta suas de na daoine seo a leanas: an tOllamh Denis Shields (deontas PI) agus an tOllamh Des Higgins (Scoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Leighis UCD), an tOllamh Padraig Cunningham (Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD), an Dr Ted Cox (Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD) agus an Dr Emer Cunningham (Léann Iarchéime), agus líon mór comh-imscrúdaitheoirí i UCD, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ghlac an clár leis an gcéad dá ghrúpa de mhic léinn agus beidh sé ar siúl ó mhí Dheireadh Fómhair 2007 go Meán Fómhair 2012.

Leanann plean an Choláiste do 2008-2010 le príomhchlár fhorbairt ábhar-shonrach i Scoileanna agus forbairt théamach an Choláiste. Is bun-dhúshraith do na chéad chéimeanna eile ná forbairt an infreastruchtúir oiriúnaigh chun na gníomhaíochtaí taighde ar fud na Scoileanna sa Choláiste, atá ag méadú go mór, a chothabháil. Tá sé mar aidhm ar leith ag an bplean díriú orthu seo leanas:

- Infreastruchtúr ríthábhachtach agus spás do ghníomhaíochtaí taighde;
- Cumas taighde a fhorbairt i roinnt beag réimsí atá ailínithe le téamaí an Choláiste.

Beidh an príomhfhócas an bhliain seo chugainn ar áiseanna oiriúnacha agus ardchaighdeán a sholáthar trí athfhorbairt an Ionaid Eolaíochta, go háirithe áiseanna a sholáthar ar an gcampas do mhórtionscnaimh, lena n-áirítear Ionad CLARITY do Theicneolaíochtaí Gréasáin Braiteora, Taighde Teicneolaíochta do Maireachtáil Neamhspleách (TRIL) agus Saotharlann UCD do Chórais Choimpléascacha agus Oiriúnaitheacha (CASL).



An tOllamh Sior Brian Hoskins (ar chlé) ag Seimineár Aoichainteora Oirirce de chuid Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD leis an tOllamh Don McElroy, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD

Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

Poist ag an 1 Meán Fómhair 2007



Príomhoide an Choláiste
An tOllamh Nick Quirke



Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD
Ceann na Scoile
An Dr David FitzPatrick



Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Mark Richardson



Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Frank McDermott



Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Don MacElroy



Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Seán Dineen



Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Joe Carthy



Scoil na Fisice UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Gerry O'Sullivan

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD déanta suas de 10 Scoil:

- Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD;
- Scoil na hEacnamaíochta UCD;
- Scoil an Oideachais is Foghlaim feadh Saoil UCD;
- Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD;
- Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD;
- Scoil na Fealsúnachta UCD;
- Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD;
- Scoil na Síceolaíochta UCD;
- Scoil na Córa Sóisialta UCD;
- Scoil na Socheolaíochta UCD.



Drámadóir agus údar Peter Sheridan ag labhairt ag an gcomhdháil ar Alcohol and Drug Use in Young People le linn Bhealtaine 2008, a d'óstáil Scoil na Síceolaíochta UCD

Is iad seo leanas aidhmeanna an Choláiste:

- Cur le tuiscint ar dhinimic náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda atá ag athrú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ag baint le polasaí náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gColáiste ar an bpríomhionad taighde ardchaighdeán sna heolaíochtaí sóisialta agus daonna;
- Cláir bhunchéime a fheabhsú agus na mic léinn is fearr a mhealladh chun riachtanais shochoíocha agus eacnamaíochta atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh;
- Scoil Iarchéime a fhorbairt a bhfuil meas idirnáisiúnta air.

Forbairt na gclár

Ba bhliain thábhachtach í 2007/08 maidir le fás Choláiste na nEolaíochtaí Daonna (CED) UCD. Is é UCD an chéad ollscoil Éireannach a bhain struchtúir amach atá modúlaithe agus seimeastraithe go hiomlán, agus a chloíonn le riachtanais Phróiseas Bologna, ag úsáid Chóras Aistrithe Creidiúna na hEorpa. D'éascaigh seo mór-athdhearadh ar churacclam ceann de phríomhchéimeanna an Choláiste, Baitsiléir sna hEolaíochtaí Sóisialta. Is í príomhthréith na céime anois ná sraith de bhealaí staidéir saincheaptha ó leibhéal bunchéime go leibhéal iarchéime. Bhí mór-éileamh ar an gcuracclam nua i measc na mac léinn, rud a léiríodh le méadú de 100% i gcéad roghanna CAO.

Chuir na comhaltachtaí i bhforbairt acadúil, a fuair maoiniúchán ó FEÉ – Údarás um Ard-Oideachas, feabhas mór ar thuiscint an Choláiste ar an mhórdhinimic atá ag baint le teagasc agus foghlaim. Chomh maith le tionscadail teagaisc aonair a fhorbairt ag leibhéal bunchéime ina

Scoileanna féin, rinne na trí chomhaltas CED taighde tábhachtach institiúide ar phatrúin foghlama níos mó ná 2,000 mac léinn bunchéime. Laistigh de thréimhse 18 mí chuir na comhaltas naoi bpáipéar comhdhála a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu i láthair ar a n-obair ghrúpa agus aonair agus glacadh le roinnt alt iriseáin le go bhfoilseofaí iad. Beifear in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Scéim Chomhaltachta a bhuíochas leis an maoiniúchán FEÉ 2 atá faighte ag UCD.

Le linn 2007/08, dhaingnigh Coláiste na nEolaíochtaí Daonna a Scoil Iarchéime. Iarrann CED ar gach mac léinn taighde iarchéime tabhairt faoi 30 creidiúnú múinte ar a laghad, rud a tharlaíonn i UCD amháin, agus, i bpáirtíocht le Coláiste Gnó agus Dlí UCD, cuireann sé clár 40 creidiúnú ar fáil de níos mó ná ocht modúl PhD tiomnaithe in ardmhodhanna taighde. Bhí clár forbartha scileanna inaistrithe ann mar bheis leis an gclár seo. Forbraíodh agus seoladh cláir théamacha nua agus Scoláireachtaí Ad Astra i bPolasaí Poiblí agus Eolaíocht Shóisialta

Chainníochta, agus rinneadh na Scoláireachtaí a fhorbairt agus a sheoladh trí bhronnadh cláir iomaíoch Chláir Oideachais Thaighde Iarchéime (COTI)/Chláir Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (CTÉDES). Thug an Coláiste faomhadh do PhD nua i Síceolaíocht Oideachais agus sheol CED cláir théamacha sa Léann Éireannach Domhanda agus Stair an Leabhair in éineacht le Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh. Thug David Begg, Comhdháil na gCeardchumann agus Mary Doyle, Roinn an Taoisigh aitheasc ag Siompóisiam Iarchéime 2007/08. Shínigh Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh comhaontú ag cruthú mór-chomhpháirtíocht leis na Seirbhísí Promhaidh chun rogha pháirtaimseartha a chur ar fáil d'oiliúint oibrithe sóisialta sna Seirbhísí Promhaidh.

D'óstáil an Coláiste roinnt léachtaí ardghradaim a thug scoláirí dearscnaitheacha idirnáisiúnta. I mí Iúil 2008, thug an tOllamh Martha Fineman, Ollamh Dlí Robert W. Woodruff, Scoil Dlí Emory, léacht ar *Vulnerability and Equality* do lucht éisteachta mór. Rinne Scoil na Córa Sóisialta agus An Scoil Dlí UCD comhóstáil ar an léacht.

Ar na buaicphointí i rith na bliana bhí an chomhdháil a d'óstáil Institiúid Léann na Breataine – na hÉireann UCD (ILBS) agus a fuair urraíocht ó Roinn an Taoisigh chun comóradh 10 mbliana Chomhaontú Aoine an Chéasta a cheiliúradh. Ar an 3 Aibreán 2008, rinne an Coláiste seimineár a óstáil i dTeach Newman chun an scoláireacht ar Éirinn a rinne acadóirí an Choláiste idir 2006 agus 2008 a thaispeáint. Thug Dermot McCarthy, Ard-Rúnaí an Rialtais aitheasc ar an téama *Future Direction of the Irish Public Service*.

Ar an 23 Bealtaine 2008, rinne Scoil na Síceolaíochta UCD comhdháil idirnáisiúnta a óstáil ar *Alcohol and Drug Use in Young People*. D'oscail an drámadóir, stiúrthóir scannán agus údar, Peter Sheridan, an chomhdháil, ag labhairt faoina eispéiris féin.

D'eagraigh Scoil na Córa Sóisialta UCD agus Scoil Quinn UCD díospóireacht nuálaíoch phoiblí ar thionscadail agus ghníomhartha a bhaineann leis an bhfreagracht shóisialta i ngnó ar an 24 Aibreán 2008. Ba iad Mick Wallace, tógálaí agus forbróir, agus an t-iriseoir Sara Burke na haoichainteoirí agus ghlac an lucht éisteachta páirt bheoga ann.

I mí Bealtaine 2008, d'óstáil Scoil na Fealsúnachta UCD fóram idir-dhisciplíneach a ar *Perspectives*

on *Intercorporeality and Intersubjectivity* leis an Ollamh Gail Weiss, Ollscoil George Washington, mar spreagchainteoir. D'óstáil Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh comhdháil bhliantúil Líonra Tithíochta na hEorpa i mí Iúil 2008, agus d'eagraigh Léann na mBan comhdháil dar teideal *What Ivory Towers? Gender, Body and Sexuality* ag Institiúid Dhaonnachtaí na hÉireann i mí Bealtaine 2008.

Taighde agus dámhachtainí

Ba thréimhse an-rathúil í 2007/08 do scoláirí sna hEolaíochtaí Daonna maidir le maoiniúchán iomaíoch taighde a fháil ó fhoinse ardghradaim éagsúla. Fuair beirt scoláirí i CED maoiniú faoi thionscnaimh EUROCORES Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (FEE). Úsáideann an dá thionscadal ar *Anailís II-leibhéil ar Thionól Vótálaithe* agus *Sásamh Beatha na hEorpa* modheolaíocht cosúil lena chéile a leathnófar go réimsí eile de thaighde trasnáisiúnta. D'éirigh le seisear acadóirí sa Choláiste i scéimeanna maoiniúcháin Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (CTÉDES) do thaighde ar raon ilchineálach réimsí, go háirithe ilchineálacht chultúrtha, imeascadh, margaidh saothair, aeriompar, cánachas agus íomháineachas radhairc. Fuarthas maoiniúchán taighde eile uathu seo a leanas: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Coimisiún na hEorpa, Fondúireacht Templeton agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Fuair roinnt scoláirí eile Comhaltachtaí CTÉDES nó Comhaltachtaí Taighde an Uachtaráin. Ina theannta sin, bhí rath as cuimse ar an gColáiste i ndámhachtainí bliantúla CTÉDES Rialtas na hÉireann. Fuair 17 mac léinn dochtúireachta san iomlán ó 8 Scoil sna hEolaíochtaí Daonna maoiniúchán.

Ceapacháin Acadúla

Chuir an Coláiste fáilte roimh na comhghleacaithe nua seo leanas: An Dr Veronica Crossa, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD; An Dr Julien Mercille, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD; An Dr Christopher Cowley, Scoil na Fealsúnachta UCD; An Dr Joseph David Cohen, Scoil na Fealsúnachta UCD; agus an Dr Diane Panke, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD.

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

Poist ag 1 Meán Fómhair 2007




Príomhoide an Choláiste
An tOllamh Brigid Laffan



Scoil na Fealsúnachta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Brian O'Connor



**Scoil an Léinn Shóisialta
Fheidhmeannaigh UCD**
Ceann na Scoile
An tOllamh Suzanne Quin



**Scoil na Polaitíochta agus
Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
Ceann na Scoile
An tOllamh Attracta Ingram



Scoil na hEacnamaíochta UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Rodney Thom



Scoil na Síceolaíochta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Barbara Dooley



**Scoil an Oideachais is Foghlaim
feadh Saoil UCD**
Ceann na Scoile
An Dr Marie Clarke



Scoil na Córa Sóisialta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Sara Cantillon



**Scoil na Tíreolaíochta,
na Pleanála agus Polasáí
Comhshaoil UCD**
Ceann na Scoile
An tOllamh Alun Jones



Scoil na Socheolaíochta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Aogán Mulcahy



**Scoil an Léinn Eolais agus na
Leabharlannaíochta UCD**
Ceann na Scoile
An Dr Ian Cornelius

Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD déanta suas d'ocht Scoil:

- Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD;
- Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD;
- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD;
- Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD;
- Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD;
- Scoil an Altranaís, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD;
- Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD;
- Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD.

Tá sé mar aidhm ag an gColáiste méid na n-aonad acadúil agus taighde a mhéadú chun mais chriticiúil a bhaint amach chomh maith le forbairt na straitéisí measúnachta a chuireann foghlaim na mac léinn chun cinn.

Chuir roinnt tosca leis an rath atá orainn faoi láthair:

- Méadú ar ioncam taighde a ghin foirne taighde;
- Earcaíocht straitéiseach ar thaighdeoirí breise i ndisciplíní roghnaithe;
- Méadú suntasach ar chomhoibriú tras-Scoile as a dtagann deontais taighde théamaigh níos mó.

Forbairt na gclár

Bunaíodh grúpa um Pleanáil Modúl leis na téarmaí tagartha oibriú le Scoileanna i bhforbairt ar shraith modúl ba mhaith le gach ceann díobh a chur ar fáil sa mheántearma, ag cur san áireamh an gá atá le leathán cothrom d'acmhainní acadúla ar fud dhaonra na mac léinn.

Cuireadh tús le tionscadal ar fud an Choláiste ag baint le forbairt straitéisí measúnachta. Is iad na spriocanna ná réimse leathan modhanna measúnachta a fhorbairt atá éifeachtach i gcur chun cinn foghlaim na mac léinn agus atá infheidhmithe éifeachtach ó thaobh úsáid ama na foirne de. D'ainmnigh gach Scoil clár amháin, rinne siad iniúchadh measúnachta air agus tá siad ag forbairt plean gníomhaíochta ag díriú ar chur chuige réasúnach i dtaobh mheasúnachta na mac léinn.

Sheol Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD, i gcomhar le Coláiste na hInnealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochtaí Fisiciúla UCD, Scéim Dámhachtainí Teagaisc an Choláiste a thionscain an Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama, an tOllamh Alan Keenan, le suas le cúig dhámhachtain sna hEolaíochtaí Beatha le bronnadh go bliantúil. Is mar aitheantas ar ghnóthachtálacha sa teagasc agus san foghlaim a chuir le cáilíocht agus le héifeachtacht a fheabhsú i gcláir oideachais

bhunchéime agus iarchéime an Choláiste atá an scéim nua seo. Ba iad seo leanas na daoine a fuair dámhachtainí Choláiste na nEolaíochtaí Beatha 2008: an Dr Tom Curran, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus na Tréidliachta UCD, mar aitheantas ar a chion i bhforbairt curaclaim ar an gclár Bithchórais BE; an Dr Mark McEntee, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, mar aitheantas ar a chion i bhforbairt curaclaim laistigh den chlár Radagrafaíochta BSc; agus an Dr Louise Rainford, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis, mar aitheantas ar a cion suntasach ar son athstruchtúrú an chlár Radagrafaíochta BSc.

Mhéadaigh líon na mic léinn iarchéime go 1,608 (48% ina mic léinn múinte agus 52% ina mic léinn taighde) le linn na bliana acadúla 2007/08. Ag eascairt ón gclár struchtúrtha nua PhD, d'aistrigh 145 mac léinn taighde go Céim 2 roimh an tréimhse ag tosú i mí Lúnasa 2008.

Le bliain anuas tugadh isteach na cláir théamacha dhochtúireachta seo leanas isteach: Clár Iarchéime Ceimice Bhaile Átha Cliath (i gcomhar le TCD); Bithfhaisnéisíocht agus Bithleigheas Ríomhaireachtúil; Modhanna Eipidéimeolaíochta agus Taighde a Chothú san Oiliúint in Éirinn; Leigheas Aistritheach (i gcomhar le scoileanna leighis eile trí Leigheas Móilíneach Éireann).

Taighde agus dámhachtainí

D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin agus Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an tOllamh Frank Gannon, trí dhámhachtain Chnuasaigh Taighde Straitéiseach (CTS) do Choláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD, dar luach €19.8 milliún.

Fuair an Cnuasach Taighde Straitéiseach Bithnainimoibrithe, faoi stiúir an Ollaimh Kenneth Dawson, €7.2 milliún de mhaoiniúchán. Beidh sé ina cheannródaí i dtuiscint ar conas a imoibríonn cáithníní nanascála le hábhair bheo, ag úsáid roinnt de na huirlisí fisiceacha, ceimiceacha, bith-eolaíochta agus innealtóireachta is forbartha atá ar fáil. Déanann sé iarrachtaí eolaithe ceannasacha ó na hollscoileanna seo a leanas a chomhshnaidhmeadh: UCD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Uladh a chomhshnaidhmeadh.

Fuair Lónra Seachadta Drugaí na hÉireann deontas de €5.2 milliún agus déanfaidh sé foirmithe béil agus análaithe de mhóilíní bíteicneolaíochta a chaitear a instealladh de ghnáth. Tugann an cnuasach Institiúid Conway UCD le chéile le Scoil na Cógaisíochta TCD, Coláiste Ríoga na Máinlianna agus UCC, ag cruthú mais chriticiúil saineolais i réimse seachadta drugaí.

Bronnadh deontas €7.4 milliún ar Chnuasach Taighde na Bith-eolaíochta Atáirgí, le €400,000 sa bhreis ó chomhpháirtithe tionsclaíochta. Tá drochthionchar suntasach ag torthúlacht íseal i measc ba déiríochta ar an tionscal déiríochta, agus is é aidhm taighde an chnuasaigh seo ná móilíní a aimsiú agus a ionramháil chun torthúlacht ba a fheabhsú. Tá an cnuasach déanta suas de ghrúpa d'eolaithe ó UCD agus Teagasc, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach acu, chomh maith



leis na comhpháirtithe tionsclaíochta Pfizer agus Biotrin Technologies.

Thug Cumann Tréidliachta Mheiriceá (CTM) creidiúnú iomlán do chlár MVB UCD go ceann seacht mbliana, rud a chuireann ar chumas chéimithe UCD tréidliacht a chleachtadh i gCeanada nó sna SA gan scrúdú speisialta do 'chéimithe eachtrannacha' a dhéanamh.

Ba é Billy Fleming ó Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD buaiteoir an chomórtais AccesScience 2008, a tionóladh i Halla O'Reilly. Agus é ag labhairt leis an lucht éisteachta de 600 duine, leag sé amach an taighde reatha in aimsiú bealaí chun teiripí rithábhachtacha drugaí a ghineadh sa tsaotharlann in áit a bheith ag brath ar acmhainní críochna lómhara an dúlra.

Tá an tOllamh Michael McGlinchey, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD ar dhuine de sheisear acadóirí de chuid UCD a toghadh ina mbaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) sa bhabhta ballraíochta a fógraíodh le linn mhí Bealtaine 2008.

Bhuaigh cuideachta sheachthairbhe UCD Celtic Catalysts duais 'Rising Star' ag Fóram Thistle Eolaíochta Bithí 2008 an Chumainn Bhithionscail (Albain). Bronnadh an dámhachtain mar aitheantas ar an tráchtálaíocht ar taighde sintéise chiriúil a rinneadh sa Scoil.

Bronnadh Duais Cozzarelli PNAS ar bhaill Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD don pháipéar is fearr, a raibh an tOllamh Kenneth Dawson i gceannas air, ag Cruinniú Bhord Eagarthóireachta PNAS i mí Aibreáin 2008 in Washington DC.

Fuair an tOllamh Peter Atkin, Ollscoil Oxford, Dámhachtain Bhliantúil Institiúid Ceimice na hÉireann don Cheimic 2008. Thug sé spreaglacht dar teideal *Visualising Chemistry* san Ionad do Shintéis agus Ceimbhitheolaíocht (ISC) le linn Aibreáin 2008 mar pháirt de shraith léachtaí Eva Philbin.

Ceapacháin acadúla ag Grád Comhlaigh nó Grád Ollaimh

Rinneadh na ceapacháin a leanas ag leibhéal comhlaigh nó leibhéal ollaimh: Johan Ericsson; Gerard Fealy; Steve Gordon; Michael P. Keane; Gil Lee; Ronan O'Connell; Gareth Redmond; Helen Roche; agus Richard Tremblay.

Seoladh forlónadh an Irish Medical Journal ag léiriú torthaí chlár taighde seacht mbliana Aonad an Bhoird Taighde Sláinte do Stádas Sláinte agus Biseach Sláinte, a sheol an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa go hoifigiúil ar an 20 Meán Fómhair 2007 ag Institiúid Conway UCD. Sa ghrianghraf (ó chlé): an tOllamh Gerard Loftus (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh); Uachtarán UCD, an Dr Hugh Brady; an tOllamh Cecily Kelleher (Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD); an tUachtarán Mary Máire Mhic Ghiolla Íosa; Andrew Murphy (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh); an Dr John Murphy, Irish Medical Journal, an Dr Mairead O'Driscoll (BTS); agus an tOllamh Brian McKenna (Priomhoide, Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD)

Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

Poist ag 1 Meán Fómhair 2007



Príomhoide an Choláiste
An tOllamh Brian McKenna



Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Bill Powderly



Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Maurice Boland




Scoil an Altranais, an Chnámhseachais agus na gCóras Sláinte UCD
Ceann na Scoile
An Dr Gerard Fealy



Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Tom Bolger



Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD
Ceann na Scoile
An Dr Brian Caulfield



Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD
Ceann na Scoile
An Dr Gethin McBean



Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Cecily Kelleher



Scoil na Ceimice agus na Ceimbitheolaíochta UCD
Ceann na Scoile
An tOllamh Earle Waghorne